



# Leabhairín Eolaíos



## Scoil Chrónáin

[www.scoilchronain.ie](http://www.scoilchronain.ie)

[Meitheamh 2022 / June 2022](#)

### Gaeilge / Irish

Is Gaelscoil í Scoil Chrónáin agus is í an Ghaeilge teanga labhartha agus chumarsáide na scoile. Is trí mheán na Gaeilge a múintear ábhair an churaclaim. Labhraíonn na páistí, na múinteoirí agus foireann na scoile Gaeilge. Úsáidtear modh an tumoideachais sa Ghaelsccoil, is é sin, cuirtear an Ghaeilge os comhair na bpáisti ar bhonn leanúnach i ngnáthshuimh phraiticiúla fheidhmiúla ionas go bhfaigheann siad tuisint agus líofacht sa Ghaeilge sa bhealach céanna is a d'fhoghlaim siad a gcéad teanga sa bhaile. Bíonn na páistí tumtha sa teanga ón gcéad lá ar scoil dóibh. Bíonn an chaint bunaithe ar na rudaí a bhíonn ar siúl ag an bpáiste, ar na bréagáin, ar threalamh, orthu féin etc. Bíonn focail an mhúinteora sothuigthe ón gcómhthéacs.

Forbraítear cumas cainte na bpáistí trí scéalta, amhráin agus rainn a mhúineadh. Úsáidtear áiseanna teagaisc spreagúla, póstaer ildaite, pictiúir mhealltacha, puipéid, cluichí éagsúla, dlúthdhioscaí idirghníomhacha agus teicneolaíocht an eolais chun na páistí a spreagadh chun dul i mbun cumarsáide sa Ghaeilge. Leantar an Scéim ‘Séideán Sí’ sa scoil agus éiríonn leis na páistí ardchaighdeán a bhaint amach sa Ghaeilge de réir a chéile. Is é ár sprioc go labhróidís Gaeilge eatarthu féin istigh sa scoil agus i gclós na scoile, go mbeadh meas acu ar an nGaeilge agus go mbeidís an-bhródúil as a gcaighdeán Gaeilge.

Ní mór do na daltaí an Ghaeilge atá acu a labhairt i gcónaí – sa rang, sa chlós agus ag imeachtaí scoile. Tá ainm Gaeilge do pháiste ar an aip Connect, tuairiscí scoile & rl. agus is ceart é seo a úsáid le cumarsáid na scoile.

**Iarraimid ar thuismitheoirí gach aon tacaíocht a thabhairt chun usáid na Gaeilge a forbairt agus a chur chun cinn.  
“Beatha teanga í a labhairt!”**

*Scoil Chrónáin is an All-Irish school (Gaelscoil) and Irish is the language of communication and the language of instruction in Scoil Chrónáin. Total immersion in Irish is used in Naónáin Bheaga. From the beginning the Múinteoir speaks exclusively in Irish to the children. The vocabulary at first*

*deals with the children themselves and the immediate school environment. The meaning becomes obvious from the context. The children soon pick up the words / phrases / sentences used throughout the day, in much the same way as they acquired their first language. The child's language is further extended through the teaching of songs, rhymes, poems, and stories. Posters, pictures, puppets, games, and IT are used as teaching aids. We follow the Irish scheme 'Seideán Sí' throughout the school, and the children gradually achieve a good standard of Irish as they advance from class to class. It is our aim that the children will use Irish at all times in school and in the yard and that they develop a love and a respect for the language and take pride in the standard of Irish that they achieve while attending Scoil Chrónáin.*

*As children become more fluent, they are expected to speak Irish at all times in class, in the yard and at all school activities. Your child's Irish name is on the Connect app, school reports etc and this is the version you should use when contacting the school.*

***We therefore ask all parents to promote and support the use of Irish in every way possible. One learns a language best by speaking it.***

## Clár an Abhair (Table of Contents)

<b>Cuid a hAon Ginearálta (Section 1 General) .....</b>	<b>5</b>
Cumarsáid / Communication: .....	5
An Lá Scoile / School Day: .....	5
Tinreamh & Poncúlacht / Attendance & Punctuality: .....	7
Ag Teacht Isteach Déanach / Arriving Late: .....	7
Ag Imeacht Luath / Leaving Early:.....	8
Maidin Fhliuch / Wet Mornings:.....	10
Daltaí atá ag taisteal ar Bhus Scoile / Pupils travelling on School Bus:.....	10
Lón Sláintiúil / Healthy Lunch:.....	10
Cnónna / Nuts:.....	11
Tinneas / Timpistí / Leigheas / Illness / Accidents / Medicine: .....	11
Bualadh Cloiginn / Headbump: .....	12
Duine Fásta Freagrach / Emergency Contact:.....	13
Asláithreachtaí / Absences: .....	14
<b>Cuid 2 Acadúil (Section 2 Academics) .....</b>	<b>15</b>
Obair Bhaile / Homework: .....	15
Cé mhéid ama? How much time? .....	17
Scrúduithe Caighdeánacha / Standardised Tests: .....	17
Míniú ar sTen / Understanding STen scores: .....	17
Tuairiscí Scoile / End of Year School Reports: .....	18
Cianfhoghlaim / Remote Learning: .....	19
<b>Cuid 3 Naónáin Bheaga ag Tosú ar Scoil (Section 3 Junior Infants Starting School) .....</b>	<b>20</b>
Conas cabhrú le do pháiste a bheith ullamh don scoil / <i>How to help your child prepare for school:</i> .....	20
Go Ginearálta / <i>In General:</i> .....	20
Go hAcadúil / <i>Academic:</i> .....	21
Eile / <i>Other:</i> .....	21
An Chéad Lá Ar Scoil /The First Day at School: .....	22
Ag dul Abhaile / Going Home: .....	Error! Bookmark not defined.
Obair Bhaile / Homework: .....	24
Litreacha / <i>Letters:</i> .....	24
Scribhneoiracht / <i>Writing:</i> .....	24
Is féidir leat cabhrú ... <i>You can help</i> .....	26

<b>Foghraíocht / Phonics:</b> .....	26
<b>Mata/ Maths:</b> .....	28
<b>Cuid 4 Tíos (Section 4 Housekeeping) .....</b>	<b>29</b>
Le Chéile.....	29
Rialacha na Scoile /School Rules:.....	30
Cód Iompair / Code of Behaviour: .....	32
Éide Scoile / School Uniform: .....	32
Culaith Spóirt na Scoile / School Tracksuit: .....	32
An Bhliain Scoile / The Academic Year:.....	33
Coinne le Múinteoir / Appointment le Múinteoir:.....	34
Bréagáin & Milseáin / Toys & Treats: .....	34
Cuireadh Breithlae / Birthday Invitations: .....	34
Madraí (Dogs):.....	35
Proiséas Chun Gearán a Dhéanamh / Complaints Procedure: .....	35
Fón Póca & Gleas Leictreonach / Mobile Phones & Other Electronic Devices: .....	35
Maor Tráchta / Traffic Warden:.....	35
Cuntas Iníochta / Accounts Payable: .....	35
Árachas / Insurance: .....	36
Ról na dTuismitheoirí/ Caomhnóirí / Parents' / Guardians' Role:.....	37
Athruithe sa Bhaile / Changes at Home: .....	37
Teicneolaíocht an Eolais agus na Cumarsáide (TEC) / Information and Communication Technology (ICT): .....	38
Fearann Scoil Chrónáin / School Grounds: .....	39
POD (Primary Online Database): .....	39

# Cuid a hAon Ginearálta (*Section 1 General*)

## Cumarsáid / Communication:



Úsáideann Scoil Chrónáin 'Aladdin' mar chóras oifigiúil na scoile ó thaobh riarracháin de maidir le daltaí agus teaghlaigh. Is bog earra iontach é agus tá mórán feidhmeanna difriúla ar fáil, an aip 'Connect' san áireamh agus 'epayments'.



Our school uses the 'Aladdin' software service for official administrative purposes for pupils and their families. It is an excellent piece of software and has many aspects to it including the 'Connect' app and 'epayments'.

[Aladdin Schools - FAQs](#)

[Litir faoi Aladdin \(letter about Aladdin\)](#)

## An Lá Scoile / School Day:

Osclaíonn Scoil Chrónáin go hoifigiúil chun daltaí a ghlacadh ar a 09:00. Moltar do na daltaí a bheith ar scoil chomh gar do 09:00 agus is féidir. **Ní ghlacfaidh an Bord Bainistíochta aon fhreagracht as daltaí a thagann ar scoil roimh 09:00.** Nuair a bhuaileann an clog seasann na daltaí ina líne. Tugann an múinteoir ranga na daltaí isteach sa seomra ranga.

Sos Beag do Naónáin Bheaga - Rang 2	10:30 - 10:40
Sos Beag do Rang 3 - Rang 6	10:45 - 10:55

Sos Mór do Naónáin Bheaga - Rang 2	12:00 - 12:20
Sos Mór do Rang 3 - Rang 6	12:25 - 12:45

Gach lá críochnóidh ranganna do Naónáin ag 13:40 agus do gach rang eile ag 14:40. **Arís ní ghlaicfaidh an Bord Bainistíochta aon fhreagracht as daltaí a bheith fágtha sa scoil nó i dtimpeallacht na scoile tar éis 14:40.** Moltar do thuismitheoirí gur mian leo go mbeadh a bpáistí tionlactha abhaile ón scoil a gcuid socraithe féin a dhéanamh. Ba chóir don duine atá á dtionlacan a bheith ag an scoil roimh 13:40 do Naónáin agus roimh 14:40 do ranganna eile.

Nuair a bhíonn leathlá againn sa scoil téann na daltaí sna Naónáin abhaile ag a 12:00 agus téann na daltaí ó Rang 1-6 abhaile ar a 12:10.

*The official opening time of Scoil Chrónáin is 09:00 and pupils should arrive between 08.50 and 09:00. Gates do not open until 08.50. **The Board of Management will not accept responsibility for children who arrive in school before 08:50.** The children waslk to their line and when the bell rings the Múinteoir will escort the class to the classroom.*

Sos Beag do Naónáin Bheaga - Rang 2	10:30 - 10:40
Sos Beag do Rang 3 - Rang 6	10:45 - 10:55

Sos Mór do Naónáin Bheaga - Rang 2	12:00 - 12:20
Sos Mór do Rang 3 - Rang 6	12:25 - 12:45

*Infant classes finish at 13:40 each day and Rang 1-6 end at 14:40.*

***The Board of Management will not accept responsibility for pupils who remain on or near the school premises after school hours.***

*Parents who wish to have their children escorted home from school at 13.40 or at 14:40 should make their own arrangements to have them met at the school. The person who is to escort them should be at the school, no later than 13:40 to collect pupils from Infant Classes and no later than 14:40 to collect all other pupils.*

*On days when the school closes for a half day the Infants go home at 12:00 and Rang 1-6 go home at 12:10.*

## **Tinreamh & Poncúlacht / Attendance & Punctuality:**

Ba chóir do gach páiste freastal ar scoil gach lá.

Tá sé tábhachtach go mbeifeá in am ar maidin. Cuireann sé isteach ar fhorbairt shóisialta agus ar fhorbairt acadúil do pháiste má bhíonn sé / sí déanach go rialta.

*Pupils should attend school every day unless exceptional circumstances prevail.*

*Punctuality is very important as regular tardiness can impact on your child's academic and social progress.*

## **Ag Teacht Isteach Déanach / Arriving Late:**

Má bhíonn do pháiste déanach ní mór daoibh teacht chuig an príomhdhoras agus an 'intercom' a bhualadh. Tabharfaidh ball den fhoireann an páiste go dtí a s(h)eomra ranga sa tslí chuí. m.sh. beidh ar pháistí i Rang 1A & B dul síos an cosán ar thaobh na scoile de bharr nach dtagann siadsan trí phríomhfoirgneamh na scoile níos mó.

Nuair atá páistí sa chlós, cuir glaoch ar an Oifig @ 01-4588889. Ná tar trasna go dtí an doras fiú amháin má bhíonn ball den fhoireann le feiceáil. Beidh siad i mbun a cuid oibre féin agus iarrtar ort gan bheith ag cur isteach orthu.

Níl gá nó cead agat teacht isteach sa scoil agus iarrtar ort do mhasc a chaitheamh i dtimpeallacht na scoile.

Má tá páiste déanach beidh sé cláraithe ar Aladdin.

Má thagann do pháiste isteach tar éis a 10:00, nó má tá siad in easnamh nuair a glaotar an rolla, tá siad "as láthair" ach marcálte 'déanach'. Beidh oraibh an fáth a liónadh isteach ar Aladdin, m.sh. 'other'. Is féidir leat é seo a sheiceáil aon am ar an aip Connect.

*If your child is late, please come to the main door and press the 'intercom'. A staff member will bring the pupil to his classroom in the correct way, ie if they are in Rang 1 they will go down the left hand side passageway.*

*If there are children in the yard when you arrive at the school gate, please don't enter the yard. Wait at the gates and ring the Oifig on 01-4588889. Even if you*

*can see a staff member in the yard, please don't disturb them as they are supervising or teaching and shouldn't be interrupted while doing their duties.*

*This process means that there is no reason normally or need for you to enter the school grounds.*

*Late arrival is registered on Aladdin.*

**If your child arrives after 10:00 (or is absent when the rolla is called) he/she is 'absent' but marked 'late arriving'. Therefore you have to select the reason on the Aladdin Connect app as outlined above.**

### **Ag Imeacht Luath / Leaving Early:**

Iarrtar oraibh gan páistí a bhailiú i rith am scoile. Más féidir libh coinní & rl a dhéanamh taobh amuigh d'am scoile bheadh sé thar a bheith cabhrach dúinne.

Más gá duit do pháiste a thógaint, más féidir iad a thógaint ag túis ama an tsosa, ní bheifeá ag cur isteach ar an rang nó ar an múinteoir.

	<b>Naíonáin</b>	<b>Rang 1-6</b>
<b>Sos Beag</b>	10:30	10:45
<b>Sos Mór</b>	12:00	12:25

Bheadh sé níos fear do dhea-riaradh na scoile gan páistí a bhailiú níos déanaí ná 13:00 (Naíonáin) agus 14:00 (Rang 1-6), mar cuireann sé isteach go mór ar an rang.

Nuair a imíonn páiste abhaile luath, bíonn sé cláraithe ar Aladdin agus is féidir leat iad a fheiceáil ar an aip 'Connect'.

Má tá sé ríachtanach do pháiste a thógáil abhaile luath, caithfidh tú an scoil a chur ar an eolas an lá roimh ré, más féidir. An tslí is fearr chun é seo a dhéanamh ná ríomhphost a sheoladh chuig [oifig@scoilchronain.ie](mailto:oifig@scoilchronain.ie) le ainm do pháiste (as Gaeilge), a rang nó ainm an Mhúinteora ranga agus an t-am a mbeadh sé/sí le bheith bailithe. Tá na sonraí seo ar fad ar fáil ar an aip Connect. (Ná bain úsáid as Classdojo, le do thoil, mar ní féidir an teachtaireacht a chur ar aghaidh.)

Má tá do pháiste i Naíonáin - Rang 2 tar chuig príomhdhoras na scoile, buail an intercom agus gheobhfar do pháiste duit.

Má tá do pháiste i Rang 3-6, téigh go dtí na geataí glasa atá marcálte “An Pháirc”, atá in aice an tséipéil agus glaoigh ar 01-4588889. Cuirfidh an Oifig an múinteoir ar an eolas go bhfuil tú ansin.

Níl cead agat teacht isteach sa scoil agus iarrtar ort do mhasc a chaitheamh i dtimpeallacht na scoile.

Pé áit atá i gceist, iarrtar ort gan bheith ag cur isteach ar pháistí trí bheith ag caint leo, ag croitheadh lámha leo & rl, fiú amháin má bhíonn baill foirne timpeall.

Iarrtar oraibh gan cur isteach ar na páistí nuair atá siad ar scoil agus gan stopadh ag geataí agus fallaí le bhur dtoil. Ní bhíonn aon scaradh sóisialta ar siúl.

*We ask that you make medical and other appointments after school where possible, as leaving early can interrupt the class day.*

*However, should you need to collect your child early, we ask that they are collected at the start of the two break times. This way we reduce the interruption to the class and Múinteoir.*

	Naíonáin	Rang 1-6
<b>Sos Beag</b>	10:30	10:45
<b>Sos Mór</b>	12:00	12:25

*It would also be helpful not to collect the Naíonáin later than 13:00 and Rang 1-6 later than 14:00, as it would help reduce class interruptions.*

*Early collection will be entered on Aladdin by the Oifig or Múinteoir Ranga and you can see this on the Connect app.*

*Should it be necessary to collect your child early, we ask that you email the school the day beforehand, if possible. Send it to [oifig@scoilchronain.ie](mailto:oifig@scoilchronain.ie) and give your child's name (as Gaeilge) their class or Múinteoir's name (all available on the Connect app), and the time you are collecting them. (Please don't use Classdojo for this as the information can't be forwarded.)*

*If your child is in Naíonáin - Rang 2, and there are no children in the yard, please come to the main door, ring the intercom and we will bring your child to you. If there are children in the yard, please ring the Oifig from the front gate and ask for your child and we will bring your child to you. If your child is in R3-*

*6 - please go to the green gates of “An Pháirc” beside the church and ring 01-4588889. The Oifig will arrange to have your child sent out to you.*

*Again, with this process in place there is no reason to be in the school or on the grounds.*

*Whichever location you are collecting from please don’t ask members of staff in the yard to help, as they are supervising or teaching, please don’t talk or distract the children, wave into classrooms etc as this is very unsettling and disruptive for the class.*

*While it is tempting to do so, we ask that once the children are in school that you do not stop to talk to them through gates or hedges, as it is very distracting for the children.*

### **Maidin Fhliuch / Wet Mornings:**

Bheimis buíoch do na daoine a thagann ar scoil i gcarr maidin atá fliuch, dá bhféadfaidís fanacht sa charr, más féidir leo in aon chor é, go dtí go mbuaileann an clog. Sa tstí sin d’fhéadfadh na daoine a shiúlann ar scoil / a thagann ar bhus an foscadh a úsáid.

*On wet mornings, it would be appreciated, if those who come to school by car remained in the car, if at all possible, until the bell rings, and thus allow those who walk / those who come by bus to avail of the shelter.*

### **Daltaí atá ag taistéal ar Bhus Scoile / Pupils travelling on School Bus:**

Ní féidir leis an mBord Bainistíochta freagracht a ghlacadh as daltaí a thionlacan ón mbus go dtí an scoil nó ón scoil go dtí an bus.

*The Board of Management cannot accept responsibility for escorting the pupils from the bus to the school or from the school to the bus.*

### **Lón Sláintiúil / Healthy Lunch:**

Mar is eol daoibh tá imní ar an-chuid daoine faoi shábháilteacht agus faoi luach cothaithe an bhia atá á ithe ag an aos óg. Mar chuid d’Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte (OSPS) ba mhaith linn bém a chur ar thábhacht deachothaithe maidir le fás, forbairt, agus sláinte. Táimíd ag iarraidh ar thuismitheoirí tacaíocht a thabhairt agus lón sláintiúil a thabhairt dá bpáistí.

- Ní ceart go mbeadh deoch coipeach, criospái, seacláid, brioscáí ná milseáin, acu ar scoil.
- Tá cosc ionlán ar ghuma coganta istigh sa scoil nó thart timpeall na scoile.

As you are aware there is now great emphasis on the importance of developing an understanding of healthy eating among children. The Social, Personal and Health Education (SPHE) aspect of the Curriculum explores the importance of food for growth, keeping healthy and providing energy. We are asking parents/guardians to support us by providing a healthy lunch for your child/children.

- Children should not bring fizzy drinks, crisps, chocolate, biscuits or sweets to school.
- ***Chewing gum is forbidden in the school or on the school grounds.***

Polasaí anseo (*Link to Policy*) [Polasaithe | Scoil Chrónáin \(scoilchronain.ie\)](#)

### Cnónna / Nuts:

Tá roinnt páistí sa scoil, a bhfuil ailléirge fíordháiríre acu maidir le cnónna. Tá sé chomh hole sin go bhfuil orthu ‘Anipen’ / ‘epipen’ a bheith acu i gcónai ar scoil. **Ar mhaithe le sláinte na bpáistí seo táimid ag iarraidh ort gan cnónna nó bia a bhfuil cnónna ann, a thabhairt dod’ pháiste féin ag teacht ar scoil. Is bia cnónna é Nutella mar sin ná seol earrai déanta le Nutella ar scoil.** Tá sé seo riachtanach do shábháilteacht na ndaltaí agus táimid ar fad ag brath ar do thacaíocht.

*We have children in school at present, who suffer from a potentially life-threatening allergic condition (anaphylaxis) re various nuts. This is so severe that they need to have an adrenaline pen (Anipen/ epipen) available at all times. **For the sake of these children’s health, we ask you not to give nuts or any food product that contain nuts, to your child coming to school. This includes Nutella Products – Please Do Not Send Nutella Products or Sandwiches made with Nutella to School.** This is vital and we need your complete co-operation on this matter.*

### Tinneas / Timpistí / Leigheas / Illness / Accidents / Medicine:

#### Má tá do pháiste breoite, ná seol é/i ar scoil.

De ghnáth má éiríonn páiste breoite ar scoil nó má bhíonn timpiste acu, agus go gcaithfidh siad dul abhaile, cuirfear fios ar na tuismitheoirí/caomhnóirí. Tá sé fíor thábhachtach, mar sin go mbeadh uimhreacha teileafóin cuí tugtha don scoil. Is féidir bhur sonraí a fheiscint ar an aip Connect. Má thagann aon athrú ar uimhreacha teileafóin i rith na bliana, ní mór sin a chur in iúl dúinn láithreach tríd an aip nó i r-p chuig an Oifig.

N.B. Má bhriseann nó má ghortaíonn páiste géag nó má bhíonn orthu aon rud cosúil le maidí croise, buataisí, guailleán & rl. a úsáid, ní mór duit glaoch ar an bPríomhoide **sula bhfillfidh** do pháiste ar scoil, ó thaobh sláinte agus sábháilteachta de. Caithfear foirm shlánaíochta a lónadh. Tabharfar é seo duit, nuair a théann tú i dteaghmáil leis an bPríomhoide.

### **If your child is ill, please do not send him/her to school.**

*If your child becomes ill at school or has an accident, the school would usually contact the parent/guardian. It is essential therefore that we have up to date contact information. You can see the current number on Aladdin by using the Connect app. If there are changes to your details, please change them using the Connect app or email the Oifig.*

*Should your child injure and need to attend school on crutches, or with a sling or boot etc, you must contact the Príomhoide, prior to your child returning to school. An indemnity form must also be completed. This will be provided when you get in touch.*

Is ceart aon fhadhb sláinte atá ag do pháiste a chur in iúl i scríbhinn don scoil nuair a chláraíonn tú do pháiste nó a luaite agus a fhaigheann tú amach faoi. Ní thugtar amach cógas leighis sa scoil. Nasc thíos don pholasaí:  
[www.scoilchronain.ie/Polasaí Dáileadh Leighis \(Administration of Medicine Policy\)](http://www.scoilchronain.ie/Polasaí Dáileadh Leighis (Administration of Medicine Policy))

*The school must be informed immediately of any health problems, or medical conditions which affect your child. This should be done when registering the child or as soon as one becomes aware thereafter of the medical condition. Medicines are not administered by staff. (Policy is linked above.)*

### **Bualadh Cloiginn / Headbump:**

Má bhuailear cloigeann do pháiste i rith an lae, ba mhaith linn go mbeadh an t-eolas agat. Sa tslí sin is féidir leat súil a choimeád air ó thaobh comhtholgaidh, mar shampla. Má tá sé/sí ábalta filleadh ar a rang agus an lá a chríochnú, beidh téacs/fógra seolta chugat. Bí cínnte go bhfuil an t-eolas seo seolta ar aghaidh chuig feighlí, crèche nó aon duine eile atá ag tabhairt aire do do pháiste.

Má fhaigheann tú an fógra/téacs, beidh do pháiste ina rang agus beidh an Múinteoir Ranga ag coimeád súil orthu. Má bhíonn aon athrú air beidh an scoil i dteaghmáil leat.

Is féidir leat teacht chuig an scoil agus athbhreithniú a dhéanamh ar do pháiste – caithfidh tú glaoch ar an Oifig chun é seo a shocrú.

Tá an teimpléad d'fhógra/do théacs thíos.

Go ginearálta, má tá glaoch ‘caillte’ agat ón scoil agus má úsáidtear glórphost, ar mhiste leat é a sheiceáil ar dtús, sula gcuireann tú glaoch ar an scoil.

*If your child has a bump to the head during the school day, but it appears they are able to return to their class and complete their day, the school will send you a standard text. This notification is for information only. You are welcome to call into the school and examine your child. Please call the Oifig to arrange this.*

*If there are any changes later in the day, you can keep in mind that they experienced a bump to the head. Please ensure that this information is passed on to afterschool care, childminders etc.*

*If you receive this notice /text, it means that your child has gone back to his/her class and the Múinteoir Ranga is happy to observe them. If there are any changes the school will contact you.*

*If you have a “missed call” from Scoil Chrónáin, please check voicemail and texts before ringing back.*

#### Fógra Caighdeánach (Standard Notification for a Head Bump):

**Ainm** Bhail do pháiste a c(h)loigeann inniu. Your child had a head bump today. Ó Scoil Chrónáin

#### **Duine Fásta Freagrach / Emergency Contact:**

Ar Aladdin is féidir leat sonraí do dhuine fásta freagrach gur féidir linn teagmháil a dhéanamh leis sa chás neamhchoitianta nach bhfuil freagra ó tuiste. Féach ar “Emergency Contacts” in Aladdin. De ghnáth is gaol leat iad, m.sh. seantuismitheoir nó cara & rl.

Ná cuir bhur sonraí féin san áit seo, mar tá siad sin ar Aladdin cheana féin. Tá sé i gcomhar na daoine breise amháin.

*In the unlikely event that we cannot contact the parent/guardian please supply an emergency contact for us on Aladdin. This is usually a relation, grandparent or friend. Please do not input Father/Mother or Guardian 1/2 here, as they are already inputted. This is for additional contacts only.*

## **Asláithreachtaí / Absences:**

Má tá do pháiste as láthair, ní gá glaoch nó r-p a sheoladh chuig an Oifig, seachas má dúirt do dhochtúir é a dhéanamh. Más rud éigin tógálach é, áfach, is féidir dul i dteagmháil leis an oifig - tá tuilleadh eolais anseo

<https://www.hse.ie/eng/services/list/5/publichealth/publichealthdeps/id/>

*If your child is absent from school there is no need to ring or email the Oifig. If it is an infectious disease however, and you are advised to do so, please do get in touch. The HSE have more information here <https://www.hse.ie/eng/services/list/5/publichealth/publichealthdeps/id/>*

Nuair atá do pháiste “as láthair” cuireann an Múinteoir Ranga é sin ar an rolla ar Aladdin. Ar an aip Connect, is féidir leat an chúis d’asláithreacht do pháiste a lónadh isteach faoi “attendance”. Sa tslí seo ní bheidh aon ghá duit an tsean “Nóta As Láthair” a sheoladh ar scoil níos mó.

*On the Connect app, you can pick the reason your child is absent, go to ‘punc’ and pick the reason from the dropdown menu. This way we eliminate the hard copy “Nóta As Láthair” being sent to school.*

Tá sé de dhualgas ar an scoil faoin Acht Oideachais (Leas) 2000, eolas a chur chuig an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais nuair a bhíonn páiste 20 lá as láthair ón scoil in aon bhliain amháin. Faoin Acht úd, ní foláir duit an scoil a chur ar an eolas, má tá do pháiste as láthair agus míniú a thabhairt. Tá an treoir thusa.

De ghnáth seoltar fógra chugat ag cur in iúl go bhfuil 15 lá caillte ar scoil ag do pháiste. Ina dhiaidh sin téann tuairisc reachtúil chuig Tusla nuair atá 20 lá caillte ar scoil.

*The Education Welfare Act (2000) places a legal obligation on the school to notify the National Education Welfare Board in the event of a child missing more than 20 school days in a school year. Under the new Act you must inform the school about each absence and give the reason. Please see instruction above.*

*The school would usually notify you when 15 days of absence have been reached. If 20 days are reached, an automatic report is generated for Tusla.*

## Cuid 2 Acadúil (Section 2 Academics)

An Roinn Oideachas  
[Baile - Department of Education and Skills](#)

*Department of Education*  
[Welcome to the Department of Education website - Department of Education and Skills](#)

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim & Measúnachta  
*National Council for Curriculum & Assessment (NCCA)*  
[Bunscoil | NCCA](#)      [Primary | NCCA](#)

### Obair Bhaile / Homework:

Tugtar obair bhaile do pháistí i rith na seachtaine. Moltar go ndéanfaí obair bhaile in áit chiúin saor ó aon chur isteach agus áit ina bhfuil sé easca aird a choiméad. Tá sé riachtanach go ndéantar an léitheoireacht, táblaí agus litriú, ach go háirithe, leis na páistí sna bunranganna.

Ba chóir go n-oibreodh na páistí go neamhspleách, chomh fada agus is féidir, sna meán agus sna hard ranganna. Ní mór duit an obair bhaile a sheiceáil, áfach, agus an dialann obairbhaile a shíniú gach oíche, nuair atá tú sásta go bhfuil sé déanta go sásúil aige/aici. Má tá cúis éigin ann nach bhfuil an obairbhaile déanta ag do pháiste, ba chóir duit nóta míniúcháin a scríobh chuig an múinteoir ranga.

*Pupils receive homework during the week. Homework should be completed in an atmosphere free from distraction. It is essential that parents listen to their child's reading, spellings and tables every night. The time a parent puts into the development of their child's reading skills is essential, especially in the Junior classes, and will reap rewards.*

*Pupils are encouraged to work as independently as possible on their homework in middle and senior classes. It is important that parents check the homework, however, and sign the child's Journal when the homework is completed to their satisfaction. If a child doesn't complete his/her homework for some reason a note of explanation should be sent to Múinteoir.*

An saghas obair bhaile a thugaimid:

### Ranganna Naíonán:

Aithint uimhreacha /litreacha /focal  
Scríbhneoireacht  
Leathanach as leabhar oibre

## Léitheoiréachtaí pháirteach

### Rang 1 & 2:

Litriú Gaeilge agus Béarla (foghlaim ó bhéal)

Mata: Táblaí (foghlaim ó bhéal)

Suimeanna a scríobh

Léamh Gaeilge agus Béarla.

Tasc Scríbhneoiréachta i nGaeilge / i mBéarla.

Reiligiún

### Rang 3 - 6:

Litriú Gaeilge agus Béarla (foghlaim ó bhéal)

Léamh Gaeilge agus Béarla

Scríobh Gaeilge nó Scríobh Béarla.

Táblaí

Mata

Stair / Tír-Eolaíocht / Eolaíocht

Am Staidéir/ Taighde

Reiligiúin

*Type of Homework usually given:*

### Naíonáin:

*Letter / word / number recognition*

*Writing*

*Workbook*

*Shared Reading*

### Rang 1 & 2:

*Spellings (English and Irish)*

*Tables*

*Sums*

*Reading (English and Irish)*

*A writing activity*

*Religious Education*

### Rang 3-6:

*Spellings (Litriú G & B)*

*Reading (English & Irish)*

*Writing (English / Irish)*

*Tables*

*Maths*

*History / Geography / Science / Religious Education*

## Cé mhéid ama? How much time?

Braitheann an méid ama a caitear ar an obair bhaile, dar ndóigh, ar an bpáiste. Seo iad na treoirí línte ginearálta don mhéid ama atá molta againn, do gach rang:

- |             |                  |
|-------------|------------------|
| Naónáin:    | 10 – 15 nóiméad. |
| Rang 1 & 2: | 20 – 30 nóiméad. |
| Rang 3 & 4: | 30 – 40 nóiméad. |
| Rang 5 & 6: | 40 – 60 nóiméad. |

Má bhíonn fadhb ag an bpáiste, ar bhonn rialta, ba chóir duit dul i dteagmháil leis an Múinteoir ranga faoi.

*The amount of time spent on homework depends, of course, on the child. These are general guidelines as to the amount of time we would recommend for each class:*

*Should a child have difficulty with his/her homework on a regular basis an appointment should be made to discuss the matter with Múinteoir.*

## Scrúduithe Caighdeánacha / Standardised Tests:

De ghnáth i Téarma 3, déanaimid scrúduithe caighdeánaithe i Scoil Chrónáin m.sh. Scrúduithe Dhroim Chonrach Gaeilge, Béarla agus Mata. Tugaimid na torthaí i bhfoirm sTen mar chuid do thuairisc deireadh na bliana.

## Míniú ar sTen / Understanding STen scores:

Téann scór STen ó 1 go 10. Sa tábla thíos feictear an rud a insíonn na scóir difriúla STen mar gheall ar dhul chun cinn do pháiste sa léitheoireacht Bhéarla, sa mhatamaitic agus sa léitheoireacht Ghaeilge.

Scór STen	Míniú an Scóir	Cionroinnt a fhaigheann an scór seo
8 -10	I bhfad thar an meán	1/6
7	Meánach Ard	1/6
5 - 6	Meánach	1/3
4	Meánach Íseal	1/6

Déantar iad ionas gur féidir linn eolas cruinn a bhailiú, a rachaidh chun tairbhe Pleanála Uile na Scoile de, sna hábhair áirithe seo. Is bealach amháin iad na scrúduithe seo chun measúnú a dhéanamh ar na páistí. Úsáideann múinteoirí módhanna and straitéisí eile chun dul chun cinn na bpáistí a mheas chomh maith. Bigí deimhneach de, go gcuireann sibh bhur bpáistí ar a suaimhneas faoi na scrúduithe caidghdeánacha. Ní bheifí ag súil go mbeidís ábalta gach uile ceist a fhreagairt. Níl gá dóibh ach a ndicheadh a dhéanamh ar an lá.

*Standardised tests e.g. Drumcondra English, Irish and Maths are administered in the school. Results are given as STen scores as part of the School Year Report.*

*STen scores go from 1 to 10. The table below describes what the different STen scores tell you about your child's achievement in English reading, Maths and Irish reading.*

<b>STen Score</b>	<b>Meaning of Score</b>	<b>Proportion who get this score</b>
<b>8 - 10</b>	<b>Very High</b>	<b>1/6</b>
<b>7</b>	<b>High Average</b>	<b>1/6</b>
<b>5 - 6</b>	<b>Average</b>	<b>1/3</b>
<b>4</b>	<b>Low Average</b>	<b>1/6</b>
<b>1 - 3</b>	<b>Very Low</b>	<b>1/6</b>

We gather important data from the tests which will inform our wholeschool planning. They are just one way in which learning is assessed. The múinteoirí use a range of other methods and strategies to assess a child's progress. There is nothing for your child to worry about with these tests. You can reassure your child that they are not expected to know everything on the day. All they are asked to do is to give it their best effort.

## Tuairisci Scoile / End of Year School Reports:

De ghnáth cuirtear na tuairisci scoile ar fáil i dTearma 3. Bíonn siad ar fáil ar Aladdin agus an aip Connect. Bí cinnte go bhfuil tú ábalta an aip Connect a úsáid. Má tá tú ag iarraidh tuairisc a íoslódáil, lean na treoracha thíos.

*Usually the reports are made available in Term 3 and all can be seen on Aladdin or the Connect app.*

*Please be sure that you are registered and able to open the Connect app. If you wish to do so, you can access Aladdin through your laptop/ computer.*

*Go to [www.aladdin.ie](http://www.aladdin.ie) and choose **Sign in -> Parent sign in**, login using their registered email and password. Reports can be downloaded and/or printed.*

**Nasc d'Abairtí Samplacha ó na Tuairisci Scoile /  
Link to Sample comments from End of Year School Reports  
[Tuairisc Scoile | Scoil Chrónáin \(scoilchronain.ie\)](http://Tuairisc Scoile | Scoil Chrónáin (scoilchronain.ie))**

### **Cianfhoghlaim / Remote Learning:**

Mar réamhchúram i rith na paindéime, chuireamar na leabhair scoile abhaile ó am go ham ar eagla dúnadh na scoile.

*As a precaution, during the pandemic we sent home books in advance of holiday breaks, to prepare for possible school closures.*

*Please see our school's remote learning policy:*

[Polasaithe | Scoil Chrónáin \(scoilchronain.ie\)](http://Polasaithe | Scoil Chrónáin (scoilchronain.ie))

## Cuid 3 Naíonáin Bheaga ag Tosú ar Scoil (Section 3 Junior Infants Starting School)

Is céim mhór chun cinn i bhforbairt an linbh é tosú ar scoil. Le cabhair agus tacaíocht ón mbaile agus ón scoil, áfach, ba chóir dó/di socrú síos gan móran dua ná deacracht. Tá ról rí-thábhachtach ag tuismitheoirí agus caomhnóirí chun cabhrú leis an bpáiste bheith neamhspléach agus muiníneach.

*Starting school is an important step in your child's development. Children will usually adapt quickly and easily to their new surroundings and will settle down without difficulty with your support. Parents / guardians can help to prepare the child to cope with separation / socialisation and help to build a sense of independence and confidence in him/her.*

### Conas cabhrú le do pháiste a bheith ullamh don scoil / **How to help your child prepare for school:**

#### **Go Ginearálta / In General:**

Spreag do pháiste chun:

- É / í féin a ghléasadh
- An leithreas a úsáid i gceart.
- A lámha a ní agus a thriomú.
